

Cleachtadh 2: Conas a chuirfimid na Ráitis Foghlama i bhfeidhm inár scoil féin?

Maidir leis an Scoláire	ATFanna	Ábhair	Gearrchúrsaí
1. déanann sé/sí cumarsáid éifeachtach le roinnt meán i réimse comhthéacsanna sa T1*			
2. éisteann, labhraíonn, léann agus scríobhann sé/sí sa T2* agus i dteanga amháin eile ag leibhéal líofachta atá ag teacht lena gcumas féin			
3. déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheasúnú agus a léirmhíniú			
4. cruthaíonn agus cuireann sé/sí i láthair saothair ealaíne agus tuigeann siad an próiseas agus na scileanna atá i gceist			
5. tá feasacht acu ar luachanna pearsanta agus tuiscint acu ar an bpróiseas chun cinntí morálta a dhéanamh			
6. tá meas ag an scoláire ar an mbealach ina gcuireann luachanna, creidimh agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina gcónaíonn siad féin			
7. tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith i do shaoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne			
8. tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus na fórsaí is cúis le hathrú			
9. tuigeann an scoláire bunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall orthu			
10. tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhunaith			

11. déanann an scoláire gníomh chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú			
12. tá an scoláire ina rannpháirtí muiníneach agus cumasach sa ghníomhaíocht fhisiceach agus inspreagadh inti/ann le bheith gníomhach go fisiceach			
13. tuigeann an scoláire tábhacht an bhia agus an chothaithe i leith cinntí sláintiúla a dhéanamh			
14. déanann an scoláire cinntí eolasacha airgeadais agus forbraíonn sé/sí scileanna maithe tomhaltacha			
15. aithníonn an scoláire an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhataimiciúil i réimsí uile na foghlama			
16. déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú			
17. déanann an scoláire straitéisí a cheapadh agus a mheas chun fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach ag baint úsáid as eolas, réasúnaíocht agus scileanna matamaiticiúla			
18. déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus ar phróisis eimpíreacha agus tarraingíonn tátail agus cinntí astu			
19. tá meas ag an scoláire ar ról agus ar chion na heolaíochta agus na teicneolaíochta i leith na sochaí agus an tábhacht phearsanta, shóisialta agus dhomhanda atá leo			
20. baineann an scoláire úsáid as teicneolaíochtaí cuí chun dul i ngleic le dúshlán deartha			
21. cuireann an scoláire scileanna praiticiúla i bhfeidhm de réir mar a fhorbraíonn sí/sé múnlaí agus táirgí ag baint úsáid as ábhair agus as teicneolaíochtaí éagsúla			
22. léiríonn an scoláire tionscnaíocht, tá sé/sí nuálach agus forbraíonn siad scileanna fiontraíochta			
23. tógann an scoláire smaoineamh ar aghaidh ón gceapadh go dtí an réadú			

24. úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, cumarsáid agus obair a dhéanamh agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil			
---	--	--	--